RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/852 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Bealtaine 2021

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 847/2006 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le heisiamh allmhairiú táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe ó tharaif-chuótaí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 an 17 Nollaig 1999 ón gComhairle lena n-osclaítear taraif-chuótaí Comhphobail a cheanglaítear le CGTT agus taraif-chuótaí Comhphobail áirithe eile agus lena ndéantar foráil maidir lena riar agus lena mbunaítear rialacha mionsonraithe le haghaidh na cuótaí a choigeartú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1808/95 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe an chéad fhleasc d'Airteagal 9(1)(b) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2006/324/CE ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 maidir le Comhaontú a thabhairt i gcrích i bhfoirm Malartú Litreacha idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na Téalainne de bhun Airteagal XXIV:6 agus Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil (CGTT) 1994 maidir leis na lamháltais i sceidil Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice a mhodhnú le linn a n-aontachais leis an Aontas Eorpach ([2]), agus go háirithe Airteagal 2 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ("an Comhaontú") ([3]) a shíniú thar ceann an Aontais, an 29 Nollaig 2020. Tá sé le cur i bhfeidhm ar bhonn sealadach ón 1 Eanáir 2021 amach.

(2) Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 lena n-osclaítear taraif-chuótaí Comhphobail a cheanglaítear le CGTT agus taraif-chuótaí Comhphobail áirithe eile agus lena ndéantar foráil maidir lena riar agus lena mbunaítear rialacha mionsonraithe le haghaidh na cuótaí a choigeartú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1808/95 ón gComhairle ([4]).

(3) Rialachán (CE) Uimh. 847/2006 ón gCoimisiún ([5]) lena n-osclaítear agus lena ndéantar foráil maidir le taraif-chuótaí Comhphobail d'iasc áirithe ullmhaithe nó leasaithe a riar.

(4) Luaitear sa Chomhaontú nach bhfuil táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe incháilithe lena n-allmhairiú isteach san Aontas faoi tharaif-chuótaí EDT atá ann cheana mar a shainítear sa Chomhaontú sin. Tagraítear ann do tharaif-chuótaí arna gcionroinnt idir na páirtithe de bhun caibidlíocht faoi Airteagal XXVIII CGTT a thionscain an tAontas le doiciméad EDT G/SECRET/42/Add.2 ([6]) agus a thionscain an Ríocht Aontaithe le doiciméad EDT G/SECRET/44 ([7]) agus mar a leagtar amach i reachtaíocht inmheánach ar leith gach páirtí. Luaitear sa Chomhaontú, ina theannta sin, go bhfuil stádas tionscnaimh na dtáirgí le cinneadh ar bhonn na rialacha tionscnaimh neamhfhabhair is infheidhme maidir leis an bpáirtí allmhairiúcháin.

(5) Tagraíonn taraif-chuótaí EDT atá ann cheana, mar a shainítear sa Chomhaontú, do lamháltais EDT an Aontais a áirítear i ndréachtsceideal AE28 de lamháltais agus gealltanais faoi CGTT 1994 arna gcur faoi bhráid EDT le doiciméad G/MA/TAR/RS/506 ([8]) mar a leasaítear le doiciméid G/MA/TAR/RS/506/Add.1 agus G/MA/TAR/RS/506/Add.2 ([9]).

(6) Tá feidhm ag Rialacháin (CE) Uimh. 32/2000 agus (CE) Uimh. 847/2006 faoi láthair maidir leis na hallmhairithe sin de thionscnamh na Ríochta Aontaithe. Chun an Comhaontú a chomhlíonadh, ba cheart na Rialacháin sin a leasú d'fhonn táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe a eisiamh ó tharaif-chuótaí EDT atá ann cheana.

([1]) IO L 5, 8.1.2000, lch. 1.
([2]) IO L 120, 5.5.2006, lch. 17.
([3]) IO L 444, 31.12.2020, lch. 14.
([4]) OJ L 176, 27.7.1995, p. 1
([5]) Rialachán (CE) Uimh. 847/2006 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2006 lena n-osclaítear agus lena ndéantar foráil maidir le taraif-chuótaí Comhphobail d'iasc áirithe ullmhaithe nó leasaithe a riar (IO L 156, 9.6.2006, lch. 8).
([6]) https://docs.wto.org
([7]) https://docs.wto.org
([8]) https://docs.wto.org
([9]) https://docs.wto.org

(7) Tá an Comhaontú le cur i bhfeidhm ar bhonn sealadach ón 1 Eanáir 2021 amach. Dá bhrí sin, ba cheart allmhairiú táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe a eisiamh ó chur i bhfeidhm taraif-chuótaí a raibh a dtréimhsí cuótaí ar bun roimh an 1 Eanáir 2021 agus a bhí ar bun go fóill ar an dáta sin, a mhéid a bhaineann le hallmhairithe a rinneadh an 1 Eanáir 2021 nó dá éis sin.

(8) Chun comhréireacht an Rialacháin seo leis an gComhaontú a áirithiú, ba cheart dó teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige amhail ón 1 Eanáir 2021, dáta chur chun feidhme an Chomhaontaithe.

(9) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir le tuairim an Choiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I dTeideal II de Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 ón gCoimisiún, cuirtear an Roinn 4 seo a leanas leis:

"R o i n n 4

Liosta de tharaif-chuótaí Comhphobail a cheanglaítear le CGTT

Airteagal 7a

Beidh feidhm ag na taraif-chuótaí Comhphobail a liostaítear in Iarscríbhinn I maidir le hallmhairithe de thionscnamh tríú tíortha cé is moite den Ríocht Aontaithe."

Airteagal 2

Leasaítear Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 847/2006 mar a leanas:

(1) i mír 1, cuirtear na focail "gach tríú tír cé is moite den Ríocht Aontaithe" in ionad na bhfocal "gach tír";

(2) i mír 2, cuirtear na focail "gach tríú tír cé is moite den Ríocht Aontaithe" in ionad na bhfocal "gach tír".

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Bealtaine 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN